

# Cuardaigh, Ceistigh, Léigh: Sracsúil ar rogha dánta ó thraigisiún fileata na Gaeilge ar théamaí teagaisc agus foghlama

■ MARIE WHELTON ■

## Abstract

Spléachadh ar shé dhán éagsúla ó thraigisiún fileata na Gaeilge roimh an m bliain c.1900 atá sa pháipéar seo. Pléitear le téamaí teagaisc agus foghlama i ngach dán agus átítear go dtugann na dánta léargas ábhartha a thuilleann aird ó oidí scoile agus ó thaighdeoirí oideachais nua-aimseartha.

This paper gives a cursory glance at six different poems from the Irish-language poetic tradition before c. 1900. Each poem discusses teaching and learning themes. It is argued that the poems offer relevant insights and deserve the attention of both contemporary teachers and education researchers.

*Eochairfhocail: téamaí teagaisc agus foghlama i bhfilíocht na Gaeilge, téama an oideachais san filíocht, insintí liteartha ar an oideachas, stair an oideachais in Éirinn*

**Keywords:** teaching and learning themes in Irish-language poetry, the theme of education in poetry, literary narratives of education, the history of education in Ireland

\*\*\*\*\*

## Réamhrá

In alt eile a foilsíodh le déanaí san iris seo, rinne mé plé ar an léargas ar chúrsaí oideachais is féidir a dhíorthú ó dhárta ón tréimhse nua-aimseartha, le filí Gaeilge, a bhí ina múinteoirí scoile. Ba mhaith liom, san alt seo, comhthéacs a thabhairt don léargas sin trí iniúchadh gearr a dhéanamh ar ghnéithe de théama an teagaisc agus de théama na foghlama i rogha dánta ón traidisiún fileata roimh an m bliain c.1900. Ar ndóigh, tá nua filíocht scríofa i nGaeilge ón m bliain c.1900 ar aghaidh faoi chúrsaí oideachais ag filí iomráiteacha nach raibh ina múinteoirí scoile. Tá eagarr curtha ag Máirín Nic Eoin (2010, lgh xxx-xxxii) ar na dánta sin, agus dá bhrí sin, ní gá plé a dhéanamh orthu arís thíos. Ceann de na haidhmeanna atá leis an alt seo ná foinsí agus insintí fileata a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a dhéanamh insroichte agus inaimsithe don ábhar oide, d'oidí scoile agus do thaighdeoirí oideachais i gcoitinne. Tá obair den chineál sin déanta ag scoláirí eile cheana féin. I measc na saothar is tábhactaí, tá saothair le Fergal McGrath (1979), le Caoimhe Máirtín (Máirtín, 2003), le Máirín Nic Eoin (Nic Eoin, 2010 agus Nic Eoin, 2012) agus le Tom Mullins (Mullins,

✉ Email: author@into.ie

ISSN 2009-6860 (Print) 2009-6879 (Online)  
 © 2017 Irish National Teachers' Organisation  
[www.into.ie](http://www.into.ie)

1996). Cé go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh an páipéar seo le hobair na scoláirí sin, cuitear san áireamh nach bhfuil sé mar chuspóir ag an alt staidéar cuimsitheach stairiúil a dhéanamh ar gach dán Gaeilge ina bpléitear le cúrsaí oideachais. Is é an cuspóir atá leis an alt ná blaiseadh a thabhairt don léitheoir ar shaibhreas an téama i sé dhán ionadaíocha ó thrí thréimhse liteartha éagsúla d'fhonn a thaispeáint go dtuilleann na dánta go léir aird ó oideachasóirí nua-aimseartha.

### **Tréimhse na Gaeilge moiche: cuardach gníomhach diograiseach don fhírinne**

Is í an liric cháiliúil *Pangur Bán* (Murphy, 1956, lch 2) ón naoú céad an sampla ó thréimhse na Gaeilge moiche a scrúdófar sa chéad chuid seo. Ach sula bhféachfar ar an dán féin, is fiú comhthéacs a thabhairt don analís trí ghnéithe den chóras oideachais a bhíodh i réim sna mainistreacha (c.500-c.1200) a thabhairt chun cuimhne. Sonraíonn Feargal McGrath (1979, lgh 72-98) nach mbíodh ról coitianta ag na mainistreacha i mbunoideachas páistí ach go mbíodh de nós ag tuismitheoirí páistí a raibh saol na mainistreach i ndán dóibh a chur faoi chúram sagaírt nó díthreabhaigh ar dtús chun teagasc a fháil sna scrioptúir agus sa mhoráltacht. Ba é an Bíobla an príomhthéacsleabhar a bhíodh in úsáid acu ach d'fhaigheadh na buachaillí bunús, freisin sa ggramadach, sa reitric agus sa gheoiméadracht (McGrath, 1979, lch 75). Thógtáí ar a gcuid oideachais ansin nuair a théidís isteach go foirmiúil sa mhainistir féin. Luann McGrath go leor foinsí a chruthaíonn go ndéantá staidéar ar an reitric agus ar an bhfealsúnacht sa Laidin agus sa Ghréigis agus a chruthaíonn go mbíodh béim mhór ar an léitheoireacht i ndisciplíní éagsúla (McGrath, 1979, lgh 76, 98). Cé go bhfuil tuairiscí i nDlí na mBreitheamh ar sheacht ngrád éagsúla d'foghlaim reiliúinach sna mainistreacha, átíonn McGrath (1979, lgh 95-97) nach bhfuil móran fianaise eile ann go leanadh na manaigh cúrsaí céimníthe den chineál sin ar aon bhealach dochta.

Rud atá cinnte áfach, ná go mbíodh de nós ag na manaigh téacsanna a chóipeáil le cur ar fáil mar théacsleabhair do na scoileanna. 'Scriba' agus/nó 'fer léiginn' a thugtaí de ghnáth ar an saineolaí a chóipeáladh na lámhscribhinní. Go minic chuireadh an cóipeálaí gluaiseanna i nGaeilge sna himill de na lámhscribhinní chun cabhrú le scoláirí Éireannacha na téacsanna Laidine agus na téacsanna Gréigise a thuisceint. Ina theannta sin, bhíodh sé de nós ag na scribhneoirí tuairimí, ciútaí agus fiú dánta pearsanta a bhreacadh síos sna himill de na lámhscribhinní. I bhfocail McGrath:

The ancient Irish scribe had the engaging habit of occasionally jotting down in the margin and at the end of his manuscript personal observation (as distinct from his glosses). This practice, which was common to the monastic and to the later layscribes, has the merit of revealing to us much of the personality of the copyist (McGrath, 1979, lch 91).

Dán den chineál sin is ea *Pangur Bán* (Murphy, 1956, lch 2) a scríobhadh sna himill de lámhscribhinn a fuarthas i mainistir Ostarach. Tuilleann sé aird sa pháipéar seo toisc gur machnamh pearsanta é ar nádúr na foghlama agus na scoláireachta agus toisc go bhfuil sé tógha ar an gcomparáid a dhéanann an manach idir an próiseas foghlama atá aige féin, mar

scoláire, agus an próiseas seilge atá ag a chat bán. Cosúil leis an gcat, díríonn an scoláire a aigne ar a thasc agus is aoibhinn leis a chuid oibre; dála an chait a ghéaraíonn a shúil chun luch a ghabháil, géaraíonn an scoláire a aigne chun déileáil le fadhbanna léinn agus chun coincheapa a thabhairt chun míneadais. Bíonn an cat ar bí nuair a bheireann sé ar luch lena chrúb, agus bíonn ríméad ar an scoláire, freisin, nuair a fhuasclaíonn sé ceist chasta acadúil. Cé go bhfuil cosúlachtaí móra idir próiseas oibre an scoláire agus straitéisí seilge an chait, aithnítear sa dá véarsa dheireanacha go bhfuil a saincheirdeanna uathúla féin acu araon agus go mbíonn ar gach duine a bheith dílis dá dhán dúchasach féin agus iarracht a dhéanamh máistreacht a fháil air. Ó thaobh cúrsaí oideachais de, is dán é seo a chuireann béim ar an bhfoghlaim mar phróiseas ina ndéantar rúin chognaíocha a scaoileadh. Léiríonn an chomparáid in eithne an dáin go bhfuil foghlaim iúraisticíúil thaitneamhach ar siúl ag an scoláire. Is speisialtóir é agus tá an guardach gníomhach, an diágrais, an t-anailísíú agus réiteach fadhbanna ina gcéimeanna tábhachtacha sa phróiseas foghlama céanna:

Messe agus Pangur Bán, cechtar nathar fria shaindán:	(Mise agus Pangur Bán,) (gach duine den bheirt agaínn dírithe ar a shaindán)
bíth a menmasam fri seilgg, mu menma céin im shaincheirdd.	(bíonn a aigne dírithe ar an tseilg) (m'aigne ar mo shaincheird féin.)

Caraimse fos, ferr cach clú oc mu lebrán, léis ingnu; ní foirmtech frimm Pangur bán caraid cesin a maccdán...	(Is breá liom, níos mó ná an clú, díriú) (ar mo leabhar beag, ag iarraidh é a thuisint;) (níl Pangur Bán in éad liom:) (tá a dhán óg aige féin)...
--	---

Gnáth, húaraib, ar gressaib gal glenaid luch inna línsam; os mé, du-fuit im lín chéin dliged ndoraid cu ndronchéill	(De ghnáth, uaireanta, tar éis streachailte cróga) (gabhtar luch ina líon;) (ach domsa, isteach i mo líon tagann) (argóint dheacair le ciall chasta)
--	---

Fúachaidsem fri frega fál a rosc, a nglése comlán; fúachimm chéin fri fèigi fis mu rosc rēil, cesu imdis.	(Géaraíonn sé a shúil ar an mballa) (is gléas foirfe é a shúil;) (géaraím féin, roimh dhúshláin na físe,) (mo shúil shoiléir, cé go bhfuil sí lag.)
--	--

Faelidsem cu ndene dul hi nglen luch inna gérchrub; hi tucu cheist ndoraid ndil os mē chene am faelid.	(Bíonn ríméad air agus é ag gluaiseacht go tapa) (nuair a ghabhtar luch ina chrúb ghéar) (nuair a fhuasclaím ceist chasta thábhachtach) (is ormsa a bhíonn ríméad.)
---	--

Cia beimmi a-min nach ré  
 ní derban cách a chéile:  
 maith la cechtar nár a dán;  
 subaighthius a óenurán  
 Hé fesin as choimsid dáu  
 in muid du-ngní cach öenláu;  
 du thabairt doraid du glé  
 for mu muid cén am messe.  
 (Murphy, 1956, lch 2).<sup>1</sup>

(Aon uair a bhímid mar sin)  
 (ní thrasnáonn ceachtar againn ar a chéile)  
 (is maith linn féin ár ndán féin)  
 (aoibhneas a thugann ár ndán féin dúinn féin)  
 (Is tiarna air féin an té)  
 (a mháistríonn an obair a dhéanann sé gach lá)  
 (ag caitheamh solais ar an gceist dhorcha chasta)  
 (ag mo chuid oibre féin, táim cumasach.)

### An tréimhse chlasaiceach: filí ina n-oidí, ina mic léinn agus ina gcriticeoirí liteartha<sup>2</sup>

Mar a deir Caoimhe Máirtín: "Tháinig spéis agus diágrais sa léann dúchais chun bláthá leis na bardscoileanna a lean ar feadh ceithre chéad bliain idir 1200 agus 1600" (Máirtín, 2003, 12). Tá go leor ar eolas ag scoláirí faoin gclár oideachais a lean na filí sna scoileanna sin. Tá clú coitianta ar chuntas a scríobh Thomas O'Sullevane<sup>3</sup> sa bhliain 1772 fúthu. Sa chuntas sin, déanann O'Sullevane cur síos ar ghníomhaíochtaí laethúla na mac léinn agus na n-oidí sna scoileanna, pléann sé leis na cáilfochtaí a bhíodh ag teastál ó mhic léinn agus pléann sé an modh oibre a bhíodh acu.

In alt an-suimiúil le Damian McManus léiríonn sé go bhfuil go leor fianaise sna dánta féin, agus go háirithe sna 'tráchtas għramadaí', chun tacú le tuairisc cháiliúil O'Sullevane. Is fiú, dá bhrí sin, achoimre a dhéanamh anseo ar phrímphphointí alt McManus. Sa chéad áit, aontáonn McManus le O'Sullevane go mbíodh scoileanna scaipthe ar fud na tíre agus go mbíodh sé de nós ag an ábhar file dul i bhfad óna áit dúchais féin chun freastal ar scoil. Léiríonn sé, freisin, gur léir ó na dánta, go mbíodh de nós ag filí freastal ar níos mó ná scoil amháin. Dúirt Eochaíd Ó hEodhasa (c. 1568-1612) i ndán dá chuid, mar shampla, gur fhreastail sé ar scoileanna éagsúla d'fħonn a chuid fogħlama a aibiú ('aipdhiogħadha m'fhogħlomea'), luaite in McManus, 2004, lch 101).

Maidir leis an gcúrsa oiliúna féin, dála O'Sullevane, luann McManus léamh, scríobh agus cuimhne ládir i measc na geċċilíochtaí ba thábhachtaí i mic léinn. Tráchtann sé ar scrúdú ag túis an chúrsa agus ar an rangú a dhéantaí ar na mic léinn bunaithe ar a n-aois, ar a gcumas agus ar a stair scolaíochta. Cúrsa sé bliana nó seacht mbliana a bhíodh i gceist sula mbronntaí an chéim dheireanach orthu. Deimhnónn McManus go bhfuil tagairtí sna dánta a chruthaíonn go mbíodh an chumadóireacht sa dorchadas agus an staidéar ar shaothar na máistrí ina ngnéithe lárnacha den chúrsa oiliúna. Go deimhin, ba chúrsa oiliúna praiticiúil é a chuireadh béim ar scileanna a thabhairt chun foirfeachta trí obair dhian, seachas tríd an ngeit nuálach chruthaitheach. I gċodarsnacht leis an mbéim a chuirtear, sa lá atá inniu ann, ar an gcruthú as an nua, ba í an aithris an modh fogħlama ba thábhachtaí i scoileanna na mbard. I bhfocail McManus:

We know that the poet's training was practical in its orientation and that he could achieve a high standard in his profession by emulating his predecessors, especially those who had gained notoriety for their skill and fluency in the medium. Innovation, experimentation and the development of an individual style were not encouraged in the way that imitation was, so that the emphasis in training will undoubtedly have been on a detailed study of the works of master poets (McManus, 2004, lgh 102-103).

Tugann McManus samplaí den scoth ó na dánta a léiríonn na filí mar mhúinteoirí a mhúineadh ealaín na filíochta dá gcuid mac léinn agus mar chriticeoirí liteartha a d'éilfodh caighdeáin arda. Cé go mbíodh ar na mic léinn obair a dhéanamh go príobháideach agus sa dorchadas ina “n-árasáin” féin, ina dhiaidh sin thugtaí soilse isteach, agus, faoin solas, chuireadh an file a chuid oibre i scríbhinn. Bhailíodh na ranganna le chéile arís ansin, agus chuireadh na mic léinn a gcuid oibre faoi bhráid na máistrí. Bhíodh an scrúdú, an mhion-anailís chúramach agus an ceartú ina ngnéithe lárnacha d'obair na máistrí. Mar a mhíníonn McManus, bhaintí úsáid as téarmái ar leith dóibh sna dánta: “..sgagadh ‘straining, sifting’, glanadh ‘cleansing’, gleódh ‘purifying’ and breithniughadh ‘judging, examining’ appear... in the poetry...” (McManus, 2004, lch 113). Bhíodh ar na mic léinn a gcuid oibre a athdhréachtú ansin i bhfianaise mholtáí na máistrí. Scaoiltí na mic léinn abhaile gach Mártá don samhradh tar éis do gach ábhar file tuairisc faoina iompar, faoina chumas agus faoina dhul chun cinn a fháil óna ollamh. Ní haon ionadh é, dá bhrí sin, go bhfuil go leor tagairtí i ndánta na mbard don chaidreamh a bhíodh ann idir máistrí agus mic léinn. Mar a deir McManus:

For the most part... students and teachers seemed to form a strong bond and the student's dependence on the teacher, together with his affection for him, is evident in the poetry (McManus, 2004, lch 115).

Dán cáiliúil amháin a thuilleann aird ar leith sa chomhthéacs sin is ea *Anocht Sgaoilid na Scola* le Tadhg Ó hUiginn (c. 1448). Is marbhna é ina gcaointear Fearghal Ruadh Ó hUiginn, úinéir bardscoile. Deartháir leis an údar ab ea Fearghal, agus bhí sé ina mhúinteoir aige, freisin. Tugann an dán léargas ar nádúr an teagaisc agus ar nádúr na foghlama a d'fhaigheadh ábhar file sna bardscoileanna i gcoitinne. Ról an dorchadair agus ról an spáis chuí san fhoghlaim a thugtar faoi deara ar na véarsaí a luaitear anseo thíos. Cosúil le seabhaic óga, chuir na filí túis lena gcuid oliúna i mbotháin dhorcha áit ar roinn an t-oide rúin a chuid eolais lena dhalta. Ach, is léir, freisin, go gcuireann an file béim ar an dea-chaidreamh a bhíodh ann idir Fearghal agus a chuid daltaí. Geall le printíseacht ullmhaithe ab ea an tréimhse foghlama agus chaitheadh an múinteoir agus an foghlaimeoir tréimhsí fada i bhfochair a chéile. Bhíodh dlúth aithne acu ar a chéile agus is léir go dtaitníodh comhluadar na scoile go mór leis na scoláirí áirithe seo. Ba leasc leo teagascóir nua a fháil tar éis bhás Fhearghail agus bhíodh drogall orthu, de ghnáth, imeacht dá gcuid laethanta saoire (“far fhuath libh labhradh na gcuach do chluinsin”). Tá an véarsa deireanach thíos spéisiúil óir tagraítear ann don tsúl ar ghabh an file ról an oide chuige nuair a fuair a dheardáir bás. Ní

hamháin ceird na filíochta a d'fhoghlaim an printíseach óna ollamh-oide, ach d'fhoghlaim sé ceird na múinteoireachta uaidh, leis, agus ghlac sé leis an teagasc mar dhualgas gairme:

Anocht sgaoilid na sgola, leabtha uadha a n-aontomha: do-ghéna lucht gach leabtha	(Anocht scaipeann an scoil) (beidh na leapacha folamh) (na daoine a bhíodh ina gcodladh sna leapacha)
déra re hucht n-imtheachta... Oide d'iarraidh 'na ionadh, rob usa dhóibh deilioghadh:	(silfidh siad deora agus iad ag imeacht)... (Oide a fháil ina áit) (bheadh sé níos fusa dóibh scaradh óna chéile)
breath bhoide, a Dhé, dá dhalta, dá mbé ag oide iasachta...	(géibheann duairc, a Dhia, dá dhalta) (dá mbeadh sé le hoide iasachta)...
Dom ullmhughadh níor áil lais  mo bheith adhaigh 'na égmais: gur léig sé ar an énlaith inn, mé a n-énbhoith re hÓ nUiginn.	(Do mo chuid ullmhúcháin níor theastaigh uaidh) (mé a bheith oíche amháin ina éagmais) (go dtí gur lig sé chuig na héin mé) (bhínn in aon bhoth le hÓ hUiginn.)
Ó aois leinbh do léigeadh rinn (Dia dhá íoc re hÓ nUiginn!) gach rún frithir dá bhfaghadh, gur mhithidh dún dealaghadh.	(Ó aois linbh roinneadh sé) ([Go dtuga Dia cúiteamh d'Ó hUiginn!]) (gach rún fuinniúil a d'fhaigheadh sé,) (go dtí go raibh sé in am dúinn scaradh óna chéile.)
An oideacht do-ním anioigh dá dhaltaibh d'éis an fhileadh, Fearghal Ruadh do-roighne soin, truagh, a Choimhde, nach cosmhoil...	(An teagasc a dhéanaim anois) (dá dhaltaí tar éis a bháis) (ba é Fearghal Ruadh a rinne é.) (is trua, a Thiarna, nach bhfuil sé cosúil lena chuid teagaisc féin...)

(Bergin, 1984, 147-150)<sup>4</sup>.

Tá Michelle O Riordan tar éis plé cumasach a dhéanamh, freisin, ar dhánta a scríobh filí na mbardscoileanna faoi cheird na scríbhneoireachta féin. Sonraíonn sí go mbíodh dánta áirithe in úsáid ag na filí mar urlísí teagaisc agus tugann sí comhthéacs Eorpach do na cleachtais teagaisc a bhíodh coitianta sna scoileanna Éireannacha. I measc na ndánta a luann sí tá *Madh fiafraidheach budh feasach*<sup>5</sup> le Gofraídh Fionn Ó Dálaigh (c. 1387). Is leor an chéad rann a lua anseo chun blaiseadh a fháil ar an dán ina ionláine agus ar an gceiliúradh a dhéanann an dán ar an tsúl a n-osclaíonn an fhiorsacht intleachtach, agus an obair dhíograiseach chuardaigh, doirse na heagna:

Madh fiafraidheach budh feasach; glic an éicsi ilcheasach; solas na ceasa ad-chluine, doras feasa fiafruighe. (má chuirtear ceisteanna beifear eolach;) (tá ealaín na filíochta dúshlánach agus cliste;) (solas/soiléireacht na faidhbe a chloistear;) (doras feasa fiafraí) (O Riordan, 2007, 185-203, is liomsa an t-aistriúchán).

Is sampla é de dhán ina gcuirtear an máistir i láthair go hosailte mar fhear léannta a thugann moltaí dá chuid mac léinn agus dá chomhfhilí maidir lena gceird. Agus é ag caint faoin dán céanna dúirt McManus: “there is probably no better insight to be had in poetry, as opposed to the grammatical tracts, into the strict academic regime of the bardic schools.” (McManus, 2004, lch 117). Léiríonn O Riordan go bhfuil an dán lán le samplaí den cheartúsáid ba chóir a bhaint as teicnící reitriciúla éagsúla. Is dán fada é (55 rann san iomlán) faoin eolas agus faoi na scileanna a bhíodh ag teastáil ó fhilí chun dán siollach a chumadh. Cuireann an file béis mhór ar ról an cheistiúcháin i bhfoghlaim eolais agus i bhfoghlaim cheird na filíochta. Tríd an dán síos ardaíonn sé ceisteanna faoi chúrsaí gramadaí agus freagraíonn sé na ceisteanna céanna agus é i ról ollamh-oide údarásáigh. Mar a deir Damian McManus faoi:

One cannot but feel that question and answer sessions of this kind were an important part of the training of the aspiring bardic poet, and that, as Ó Dálaigh puts it, ‘questioning’ was ‘the door to wisdom’ (doras feasa fiafruighe...) (McManus, 2004, lgh 120-121).

Thar aon rud eile, cuireann an dán ina iomláine béis ar an obair dhian, ar an bhfoghlaim rialacha agus ar an aithris a bhíonn ag teastáil chun teacht ar an bhfios. Mar a chuireann O Riordan é:

This knowledge is not... a free gift. It is a hard-won expertise, acquired properly only from the teaching of experts and the emulation of them or through instruction by them (O Riordan, 2004, lch 202).

### An tréimhse iarchlasaiceach: beatha an scoláire

In ainneoin gur tháinig deireadh le córas oideachais na mbard tar éis Theitheadh na nIarlaí agus in ainneoin gur cuireadh cosc iomlán ar an scolaíocht aimsir na bpéindlíthe, tá go leor dánta ón tréimhse iarchlasaiceach ina bhfaightear tagairtí measúla ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Saol an mhic léinn atá faoi chaibidil ag an bhfile anaithnid sa dán *Beatha an Sgoláire* (O’Rahilly, 1972, lgh 16-17) ón seachtú haois déag. Dar leis an údar, is méanar don scoláire atá saor ó smacht ceannairí, ó bhuardhaí airgeadais agus ó ghnáth-chúraim oibre agus fheirme. Is féidir leis thíriú ar an bhfoghlaim, ar an léann, ar an gceol agus ar a shaol sóisialta. Santaíonn an file saoirse agus aoibhneas stádas an scoláire:

Aoibhinn beatha an sgoláire  
 bhíos ag déanamh a léighinn;  
 is follas díbh, a dhaoine,  
 gurab dó is aoibhne i nÉirinn.  
 Gan smacht ríogh ná rófhchlatha...  
 gan chuid cíosa ag caibidil...  
 Moichéirghe ná aodhaireacht  
 ní thabhair uadha choidhche...  
 Do-bheir sé greas ar tháiplis,  
 is ar chláirsigh go mbinne,  
 nó fós greas eile ar shuirghe  
 is ar chumann mná finne.

Maith biseach a sheisrighe  
 ag teacht tosaigh an earraigh;  
 isé is cranngail dá sheisrighe  
 lán a ghlaice do pheannaibh.  
 (O'Rahilly, 1972, lgh 16-17).

Sonraíonn Caoimhe Máirtín (Máirtín, 2003, lgh 55-59) gur mháistrí scoile iad cuid mhaith de na filí le linn ré na scoileanna scairte in Éirinn. I measc na bhfilí a luann sí, tá na filí cáiliúla Piaras Feirtéar, Seán Ó Conaill, Eoghan Rua Ó Súilleabháin agus Tomás Rua Ó Súilleabháin. Scríobh siad, uaireanta, faoi théama an léinn agus faoi théama na foghlama agus is é sin an ní atá déanta in *Amhrán na Leabhar* (luaite in Máirtín, 2003, lgh 245-246 agus i gcló in Ó Doibhlin, 2011, lgh 186-189), mar shampla, le Tomás Rua Ó Súilleabháin (1785-1848). Tagraíonn an file ar dtús don 'sealad' a chaith sé 'mar mháistir léinn' i measc na ndaoine i bPort Mhac Aoidh agus ansin do na leabhair go léir a chaill sé nuair a chuaigh an bád ina raibh siad á n-iompar go tóin poill tar éis bualadh le carraig i dtimpiste fharraige. Cé go bhfuil rian den áibhéal ar éirim an dáin seo, léiríonn sé go raibh eolas agus cur amach ag máistir scoile ar leabharlann fhairsing, leabharlann a chuimsigh go leor ábhar idir dhiagacht, stair agus léann dúchais agus gur chuir an máistir luach suntasach ar an léitheoireacht leathan i gcoitinne san fhoghlaim:

Dá siúlfainn Éire a's Alba,  
 an Fhrainc, an Spáinn a's Sasana  
 agus fós arís dá n-abraínn é gach aird faoin ré,  
 ní bhfaighinnse an oiread leabhra  
 a b'fhearr eolas agus tairbhe  
 ná is mó a bhí chun mo mhaitheasa...

Bhí Comerford a's Ó Hallmharáin  
 a's Céitinn, leabhar an tseanchais  
 a's Saltair mhilis Chaisil ar a dtráchtadh sé.

Bhí sceimhle chath Chluain Tarbh ann  
inar dhíbir Brian na Danair uainn  
a's an tslí gur bhuaigh Maolsheachlainn ar an namhaid i bplé;  
bhí Cath Fionntrá sa leathan-bharc a d'fhág táinte tréith,  
a's Cath Chnoc an Óir a thug ainnir dheas thar sáile léi...  
Bhí lia an choirp a's an anama  
– an Scrioptúr diaga beannaithe,  
an tobar diagachta eagnaí go ndearnathas é.  
Bhí dlí ceart Mhaois ba bheannaithe...  
Leabhar Críche Parthais,  
a's Dochtúir álann Gallchóir  
a's Eochairsciath an Aifrinne a ba bhrefé le léamh...  
(Ó Doibhlin, 2011, lgh 186-189).

Tá roinnt dáonta teagascacha anaithnid, ón tréimhse iarchlasaiceach ar marthain, freisin, ina bpléitear lenár dtéama. Sna dáonta teagascacha sin cuirtear dea-chomhairle ar an mac léinn faoi ghnéithe den fhoghlaím. Cé gur seánra ársa i litríocht na Gaeilge í litríocht na dea-chomhairle, tháinig bláth faoi leith ar an gcineál sin filíochta sa Ghaeilge tar éis an Fhrith-Reifirméisin. De ghnáth bíonn na filí ag iarraidh dul i gcion ar chreideamh agus ar iompar morálta an léitheora de réir nósanna na seanmóireachta. Sa sampla anseo thíos (Ní Bhuachalla, 2009, lch 58) moltar don dalta tosú amach ar an bhfoghlaím agus é óg, gan aird a thabhairt ar bhaois an tsaoil agus aithne a chur ar Chríost. Gnó cráifeach is ea an fhoghlaím de réir an dáin agus is díol spéise í an bhéim a chuireann an t-údar, sa dá rann dheiireanacha atá luaite anseo, ar ról an chinn agus ar áit an chroí san fhoghlaím. Téann tóir an eolais (“bailigh glaneolas go cruinn”) agus tóir an chirt le chéile (“is coinnigh gach ní ina cheart”) agus is é an grá (“glór a bhogann an croí”) sprioc na foghlama, rud a shásáonn Dia, dar leis an bhfile:

A linbh atá i dtús do shaoil,  
Mo theagasc go cruinn beir leat –

...Ná santaigh ráite baois'  
Ná an dream go mbíd acu;  
Sula dtaga iomad de d'aois,  
Bíodh aithne ar Chríost agat...

I d'óige oscail do mheabhair  
Is bailigh an fhoghlaím leat;  
Óir an glór ná tuigeann an ceann,  
Is cuma é ann nó as...

Bailigh glaneolas go cruinn  
Is coinnigh gach ní ina cheart –

An glór a bhogann an croí  
 Is é thaitníonn le Rí na bhFeart.  
 (Ní BhuaChalla, 2009, lch 58).

### Conclúid

Spléachadh ar théamaí teagaisc agus foghlama i bhfilíocht na Gaeilge a bhí san aiste seo. Ar an ábhar sin ní bheadh sé bailí snáth smaoointeoireachta maidir leis na téamaí sin sa traidisiún ina ionmláine a lorg ón tsintéis theoranta thuas. É sin ráite, áfach, cé gur dánta aonair iad, is dánta ionadaíocha iad, freisin, a thugann blaiseadh don léitheoir ar shaibhreas an téama i dtréimhsí liteartha éagsúla. I ngach ceann de na dánta léiritear an fhoghlaím mar ghníomhaíocht a thuilleann meas. Sa dán ón luath-thréimhse is í an fhoghlaím iúraisticiúil thaitneamhach atá faoi sholas ach ina theannta sin, aithníonn an file go n-éilíonn an guardach diágrais agus dúthracht ón mac léinn. Cuireann na dánta ó thréimhse na mbardscoileanna béim ar an gceistiúchán agus ar an obair dhian, freisin, agus tugann siad léiriúchán ar chóras oideachais a bhí tiomnaithe go hiomlán d'fhoghlaím na cumadóireachta fileata de réir rialacha dochta acadúla agus d'aithris a dhéanamh ar na máistrí. Aoibhneas shaol an mhic léinn, tábhacht na léitheoireachta leithne i saol an mhúinteora agus an nasc idir an fhoghlaím agus an eitic a thagann chun cinn mar théamaí sna dánta ón tréimhse iarchlasaiceach.

Tá tábhacht fós ag na topaíci oideachasúla sin go léir d'oideachasóirí an lae inniu. Áitíonn Clare Maloney, mar shampla, go bhféadfadh modhanna oideolaíochta agus córais oideachais araon múnl a fháil ó fhoinsí fileata agus ó na cleachtais a bhíodh coitianta i scoileanna fileata meánaoiseacha. Agus í ag tagairt do scoileanna na mbard, mar shampla, tá an méid seo le rá aici faoi thábhacht an dorchadair do mhic léinn nua-aimseartha:

Today's students must also be given guidance on how to work in the dark, not only students of language, literature and the arts but students of the sciences too. After all, when one comes to the limits of one's scientific knowledge one finds oneself ultimately 'in the dark'; darkness vastly outsizes light in our universe. How to work when one is at the limits of 'the known' is a question of imaginative educational processes that reach into the darkness of that condition and raid the inarticulate (Maloney, 2007, lch 73).

Agus in áit eile, áitíonn sí gur caillteanas ar an gcóras oideachais nua-aimseartha é nach dtugann an córas sin áit lárnach ar an gcuraclam do phróiseas na scríbhneoireachta fileata agus nach bhféachann sé i dtreo an phróisis chéanna do mhúnla foghlama eiseamláireach agus do chruinneshamhail oideachais úr:

The most important educational consequence of the collapse of the bardic schools, however, was that the links between language, learning and the role of poetry and its writing process in education also collapsed... Although the study of poetry continues to be part of education down to the present day, not since then has the hands-on

composition of poetry been as influential in the school curriculum nor has it 'modelled' a way of learning, an overarching educational process (Maloney, 2007, 78-79).

Is tuairimí spéisiúla iad na tuairimí sin a d'eascair as obair idirdhisciplíneach inar tugadh disciplín na litríochta Gaeilge agus disciplín an oideachais le chéile (feic, freisin, de Paor, 2009, lgh 102-114). Tugann Maloney blaiseadh don léitheoir den tairbhe agus den inspioráid is féidir le hoideachasóirí an lae inniu a bhaint as filíocht ó thraidiúin na Gaeilge. Sa chomhthéacs sin, níl amhras faoi ach go dtuilleann na dánta go léir a pléadh san aiste seo tuilleadh taighde agus machnaimh.

### Tagairtí

- Bergin, O. (Eag.) (1984). *Irish Bardic Poetry*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Paor, C. (2009). Scríobh chun machnaimh agus forbairt mhúinteora: léargas ó shaothar liteartha. *Oideas*, 54, Geimhreadh, 102-114.
- Máirtín, C. (2003). *An Máistir: An Scoil agus an Scolaíocht i Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Maloney, C. (2007). *Searching the Pockets: A Poetics of Primary Education*. Dublin: Veritas.
- McGrath, F. (1979). *Education in Ancient and Medieval Ireland*. Dublin: Studies Special Publications.
- McKenna, L. (1947). A poem by Gofraíd Fionn Ó Dálaigh. In S. Pender (eag.), *Essays and Studies: Presented to Professor Tadhg Ua Donnchadha* (Torna) (lgh 66-76). Cork: Cork University Press.
- McManus, D. (2004). The bardic poet as teacher, student and critic: a context for the Grammatical Tracts. In Cathal G. Ó Hainle agus Donald E. Meek (Eag.), *Unity in Diversity: Studies in Irish and Scottish Gaelic Language, Literature and History* (Léann na Trónóide/Trinity Irish Studies) (lgh 97-124). Dublin: School of Irish, Trinity College Dublin.
- Mullins, T. (1996). Masters and miscreants: images of the teacher in Anglo-Irish literature. *Irish Education Studies*, 16, 1, 28-39.
- Murphy, G. (1956). *Early Irish Lyrics*. Oxford: Oxford University Press.
- Nagy, J.F. (eag.) (2001). *The Individual in Celtic Literatures, CSANA Yearbook 1*. Dublin: Four Courts Press.
- Ní Bhuachalla, M. (2009). *Slí Chun Dé*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Ábhair Spioradálta.
- Nic Eoin, M. (eag.) (2010). *Gaoelta Gairide: Rogha dánta comhaimseartha ar théamáí óige agus caidrimh teaghlaigh* (leagan nua méadaithe). Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Eoin, M. (2012). From childhood vulnerability to adolescent delinquency: literary sources for the history of childhood in medieval Ireland. *Studia Hibernica*, 38, 9-35.
- Ó Doibhlín, B. (2011). *Manual de Litríocht na Gaeilge: Faisicil VI, 1750-1850: Maidneachan?* Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- O Riordan, M. (2007). *Bardic Poetry and Rhetorical Reality*. Cork: Cork University Press.
- O'Rahilly, T.F. (eag.) (1972). *Measgra Dánta*. Cuid 1. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

## NÓTAÍ

- 1 Cuirtear aistriúchán scaoilte sa Nua-Ghaeilge ar fáil in aice leis an téacs. Tá an t-aistriúchán bunaithe ar aistriúchán Bhéarla Nagy (Nagy, 2001, lgh 7-8).
- 2 Feic teideal alt Damian McManus (McManus, 2004): 'The bardic poet as teacher, student and critic: a context for the Grammatical Tracts.'
- 3 In Memoirs of the Marquis of Clanricarde (1722) agus a bhfuil fáil éasca ar shleachta aisti in *Irish Bardic Poetry* (Bergin, 1984, lgh 5-8).
- 4 Tá an t-aistriúchán scaoilte Nua-Ghaeilge anseo bunaithe ar aistriúchán Béarla le Bergin (Bergin, 1984, lgh 147-150, 280-282).
- 5 Tá téacs iomlán an dáin ar fáil in McKenna (McKenna, 1947, lgh 66-76).